

1

Réamhrá



Tá sé mar aidhm sa Phlean Áitiúil seo Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) na gníomhartha agus cuspóirí a mbeidh gá leo a leagan amach chun cur le forbairt inmharthana Chontae Chiarraí is chun tacú léi agus í a neartú ón mbliain 2016 go 2021.

1.1 Comhthéacs Dlíthiúil

Ulmháíodh an LECP de réir forálacha an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (LGRA) chun go mbeidh ról láidir soiléir ag rialtas áitiúil sa bhForbairt Eacnamaíochta agus pobail, gné lárnach é seo i dtreo na físe a mhínítear sa Chlár Gnímh um Rialtas Áitiúil Éifeachtach a bhaint amach.

Sa chlár *Tús Áite do na Daoine: Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach*, luaitear “go ndíreoidh ról an údaráis áitiúil go háirithe ar fhorbairt eacnamaíoch, sóisialta agus pobail... agus go mbeidh rialtas áitiúil mar an príomh-mhodh rialachais agus seirbhís poiblí ar bhonn áitiúil, is í chun treoir a thabhairt don bhforbairt eacnamaíoch, sóisialta agus pobail”¹

Sa phlean seo cuirtear cur chuige comhordaithe idiráiseineachta chun cinn, maidir le ceistanna lárna-cha eacnamaíocha is sóisialta a aithníodh trí phróiseas leathan comhairliúcháin. Tá trí ghné san LECP dá réir sin:

1. **Forbairt Eacnamaíochta agus Cruthú Post**
2. **Cáilíocht Beatha**
3. **Pobal agus Cuimsiú Sóisialta**

Cé go bpléitear leis na gnéithe úd astu féin, tá deich gcinn de théamaí trasnaithe a bhaineann le gach ceann de na trí ghné a luaitear anseo thuas freisin (Féach Mír 3.6).


Cruthaíodh an Plean Áitiúil seo Eacnamaíoch agus Pobail i gcomhar le mórán páirtithe leasmhara eacnamaíocha agus pobail. Ag cloí le príomhaidhme Rialtais Áitiúil éifeachtach “leas agus cáilíocht beatha saoránach agus pobail a chur chun cinn”, is ar ghníomhartha a dhéanamh a dhíríonn an plean seo, ag aithint go n-éireoidh leis na gníomhartha trí chlár páirtithe leasmhara eile seachas Comhairle Contae Chiarraí.

1.2 Comhthéacs Polasaí

1.2.1. Polasaí ábhartha Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil

Tá an LECP siuite laistigh d’Ord Reatha Polasaí Pleanála na hÉireann (féach figiúr 1) agus braitear ar shraith pleananna is straitéisí a fhorbraítear ar bhonn Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil (féach tábla 1).

Céimíúlacht Polasaithe Pleananna na hÉireann 2016+



Figiúr 1.

¹ Treoir do Phleananna Áitiúla Eacnamaíoch agus Pobail Giorclán LG 1/2015/AL 1/2015

Polasaí Ábhartha Eorpach, Náisiúnta, Réigiúnach & Áitiúil

Polasaí Eorpach	Polasaí Náisiúnta	Polasaí Réigiúnach & Áitiúil
An Eoraip 2020	Plean Ilbhliantúil Gníomhaíochta na hÉireann um Poist	Treoracha Pleanála Réigiún an Iardheiscirt 2010 – 2020
Horizon 2020	Fiontraíocht in Eirinn Ráiteas Polasaí 2014	Straitéis Nuála agus Pleanála do Réigiún an Iarthair Láir 2014 - 2018
Taighde ar FBManna (SME) agus Micrea-Fhiontar san Eoraip	Polasaí Inmharthana Athrú Aeráide & Fuinneamh	Plean Gnímh um Phoist: Réigiún an Iardheiscirt 2015-201
Clár Digiteach Eorpach 2010	Plean Náisiúnta Leathanbhanda 2012	Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015-2021 (san áireamh tá Straitéis Chiarraí um Fhuinneamh Inathnuaite (RES)
Clár Eorpach um Scileanna nua agus Poist (2010)	Eolach ar Bhia 2025	Plean Corparáideach Comhairle Contae Chiarraí 2015
Daoine, Áit agus Polasaí – Fás Turasóireacht go 202	Beocht i nGeilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuairisc CEDRA 2014	Pleananna Forbartha Bailte agus Pleananna Feidhme Ceantar Áitiúil
	An Clár Forbairt Tuaithe 2014 – 2020	Plean Réigiúnach um Bhainistiú Dramaíola 2015- 2021
	An Straitéis Spásúil Náisiúnta	LECP 2016-2022
	Ár dTodhchaí Inmharthana: Creat Forbairt Inmharthana d'Éirinn (2012)	
	Plean Gníomh Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016	
	Straitéis Náisiúnta um Chinntí á dTógáil i measc Leanaí is Daoine Óga 2015-2020	
	Straitéis um Bhreiseoideachas agus Oiliúint 2014-2019	
	Feabhas ar Thorthaí agus ar an dTodhchaí: Creat Polasaí Náisiúnta do Leanaí is Daoine Óga 2014-2020	
	Acht na Gaeltachta 2012	
	Plean Corparáideach Tusla 2013-2017	
	Nascadh don Bheatha: Straitéis Náisiúnta um Fhéinmharú a Laghdú 2015-2020	
	Straitéis Náisiúnta Míchumais Plean Cur i gCrích 2013-2015	
	Straitéis náisiúnta don ardoideachas go dtí 2030	
	Cairt Tuaithe na hÉireann, DECLG Eanáir 2016	
	Plean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhaíocht Fhisiciúil (Bímis Gníomhach in Éirinn)	

Tábla I

Is é feidhmiú an LECP go príomha a ghlacann leis an ról ar bhonn áitiúil maidir le gníomhartha a bhrú ar aghaidh go háitiúil a éiríonn as polasaí is straitéisí rialtais mar shampla, An Plean Gníomhaíochta um Poist, Tuairisc CEDRA 2014, An Eoraip 2020, An Clár Náisiúnta Athchóirithe, an Plean Gníomhachtú um Chuimsiú Sóisialta, Straitéis Náisiúnta um Bhreisoideachas agus Oiliúint agus Acht na Gaeltachta. Tá liosta iomlán na ndoiciméad cuí polasaí ar fáil in Aguisín 1.

Tá treoir san LECP um Straitéis Forbartha Pobail (LDS) a ullmhú, don Chlár Forbartha Tuaithe (LEADER) agus na tosaíochtaí sa Chlár Gníomhachtú um Chuimsiú Sóisialta agus Pobail (SICAP)². Ailíníodh an LECP freisin le Plean Forbartha Chontae Chiarraí (CDP), 2015-2021 agus go mór mór lena chuspóirí um limistéir leochaileacha timpeallachta a chosaint is a chaomhnú.

1.2.2 Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

Is iad na Comhthionóil nua Réigiúnacha a chruthóidh Straitéisí Réigiúnacha agus Eacnamaíochta i gcomhar leis na háisíneachtaí fiontair/eacnamaíoch mar An Roinn Post, Fiontair agus Nuála, Fiontar Éireann, Údarás na Gaeltachta agus an IDA.

I gcomhthéacs spásúil, ní mór gníomhaíocht agus forbairt Eacnamaíochta a chur i gcomhthéacs réigiúnach, go mór mór maidir le suíomh “Geataí & Moil” faoin Straitéis Spásúil Náisiúnta (NSS). Tá sé i gceist go mbeidh an Straitéis Réigiúnach Spásúil Eacnamaíoch (RSES) (Mír 23 LGRA) mar ghléas ‘ardleibhéil’ a léireoidh cuspóirí cinnte don bhforbairt eacnamaíoch réigiúnach. Pléifear le ceisteanna bunúsacha sa réigiún, le baic/ceisteanna earnála nó eile mar shampla; spreagthóirí fostaíochta, oideachas, bonneagar agus cúrsaí iompair.

Beidh straitéis ann chun poist a chruthú is a choimeád, chun cur le feidhmiú réigiúnach ar an iomlán agus do mholtaí dá réir ar fud na n-earnálacha ar fad. Cuimseofar méadú ar chumas nuála an réigiúin agus aithneofar buanna a bheidh riachtanach chun cur leis an bhfeidhmiú eacnamaíoch ar an iomlán.

Feidhmeoidh an RSES ó bharr anuas an Chreat Náisiúnta Pleanála chun treoir a thabhairt do ról eacnamaíoch agus forbairt spásúil na n-údarás áitiúla

2 Clár nua Cuimsiú Sóisialta agus Gníomhú Pobail is ea SICAP, é mar aidhm an déileáil le bochtanas, toirmeasc sóisialta agus difhostaíocht fadtéarmach trí phlé agus pairtíocht idir daoine faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus áisíneachtaí san earnáil phoiblí.

1.2.3 LECP agus Pleanáil Spásúil Áitiúil

1.2.3.1 Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015-2021 (CDP)

De réir an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, caithfidh an LECP teacht le straitéis lárnach an CDP³. Is inti atá creat soiléir spásúil d’fhás Chiarraí. Tagann sé seo leis an Straitéis Spásúil Náisiúnta is leis na Treoracha Pleanála do Réigiún an Iardheiscirt 2010 -2022 faoi thacú le forbairt chothrom. Tá tuilleadh eolais ábhartha ar straitéis lárnach Chontae Chiarraí ar fáil san CDP (Imleabhar 1)⁴. Go príomha baineann Straitéis Lárnach an CDP le forbairt leanúnach an chontae ar bhonn inmharthana agus cuimsiú sóisialta trí na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- Mol Nasctha Trá Lí & Cill Airne
Cinnteadh fás an “Mhol Nasctha Trá Lí & Cill Airne” go mbeidh na bailte mar láithreacha fás inmharthana, mar a mbeidh réimse leathan seirbhísí, conláistí is lonnaíochtaí agus ardcháilíocht beatha. Tacaítear leis an bhfás trí chuspóirí inmharthana aitheanta i bpleananna Feidhme Ceantar Áitiúil mar Phlean Feidhme Ceantar Áitiúil Mol Nasctha Trá Lí & Cill Airne 2013-2019.

- Bailte Réigiúnacha agus Ceantair
Trí na cuspóirí atá ann a chur i gcrích, tá sé mar aidhm ag an CDP fás agus forbairt inmharthana na mbailte réigiúnacha agus ceantair a chur chun cinn agus a éascú i dtreo a gcuid spriocanna daonra a bhaint amach, lena n-áirítear an sprioc rompu mar a aontaíodh don bhliain 2021⁵. Chuige sin gheofar tacaíocht ó na cuspóirí a aithníodh i bPleananna Forbartha Baile mar na Pleananna Forbartha Baile 2009-2015 ag Trá Lí, Cill Airne agus Lios Tuathail.

- An Tuath agus Sráidbhailte Tuaithe
Díríonn an plean ar thacú le forbairt inmharthana na tuaithe agus sráidbhailte tuaithe.

Ní mór a thuiscint go dtagann an LECP seo le fás agus forbairt Chiarraí agus nach bhfuil aon mholtaí in aghaidh a chéile. Ar bhonn leathain is iad na cuspóirí céanna atá ag an CDP agus LECP maidir le láithreacha fás inmharthana agus ardcháilíocht beatha ar fud Chontae Chiarraí. Táthar ag súil go mbeidh an LECP san áireamh um chaiteachas poiblí agus i bpleananna na n-eagraíochtaí a bheidh freagrach as an méid sin a fheidhmiú. Dá bharr san beifear in ann cuspóirí atá sa

3 Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015-2021

4 Ar fáil ag www.kerrycoco.ie

5 Straitéis Lonnaíochta do Chomhairle Contae Chiarraí, féach Aguisín 2

CDP a bhrú ar aghaidh ó thaobh forbairt inmharthana de agus chun feabhas a chur ar bhailte, sráidbhailte agus pobail an chontae.

1.2.3.2 Scagadh Comhshaoil – Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) agus Airteagal 6 sa Treoir um Ghnáthóga

Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus Cláir Áirithe) 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú ag I.R. 200 de 2011), más amhlaidh go bhféadfadh aon phlean dul i bhfeidhm go suntasach ar an gcomhshaoil ní mór scagadh a chur i gcrích lena chinntiú an mbeidh gá le SEA. Tugtar “Scagadh” ar an bpróiseas cinntithe, téitear i gcomhairle le lucht reachtúil comhairle chun cinneadh a dhéanamh maidir le héifeacht suntasach ag an bplean ar an gcomhshaoil agus gá le SEA dá réir. Tharla a leithéid de scagadh don phróiseas SEA maidir leis an bPlean seo agus cinntíodh nach raibh aon ghá leis an SEA. Tharla scagadh freisin ar an LECP de réir riachtanais Airteagal 6 sa Treoir um Ghnáthóga AE (Treoir 92/43/CEE) lena chinntiú an mbeadh aon seans go rachadh an LECP i bhfeidhm go suntasach ar shuíomhanna Natura 2000. Measadh nach mbeadh a leithéid de thionchar suntasach ag an LECP agus dá bhrí sin nach raibh aon ghá le Céim 2 Measúnú Oiriúnach/Tuairisc Tionchar Natura (NIR) sa chás seo. Tá an dá thuairisc scagtha leis an bplean seo ⁶.

1.2.3.3 An Tionscadal Athrú Aeráide – Cúnant Méaraí um Aeráid agus Fuinneamh

Is fíor go bhfuil athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar Chiarraí faoi láthair ó thaobh cúrsaí sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an chontae. Ní mór ‘**díonadh athrú aeráide**’ a chur i bhfeidhm agus ar dtús caithfear an cleachtas is fearr a thuiscint maidir le fíorforbairt inmharthana. Is léir go bhfuil lochtanna ar chóras a leanann ar aghaidh gan aird a thabhairt ar athrú aeráide.

Is é an tosaíocht is práinne i láthair na huairé ná an carbón a bhaint as an saol chomh fada agus is féidir agus ní mór an trasnú a dhéanamh isteach i sochaí inmharthana mar a mbeidh leibhéal an-íseal carbóin in úsáid agus baineann an fhreagracht le cách a mhaireann i Sochaí na hÉireann. Dá réir sin caithfidh na príomhearnálacha mar fhuinneamh, iompar, tairgeadh bia, tithe cónaithe agus áitribh tráchtála cur chuige láithreach bonn chun astaíochtaí carbóin a laghdú agus

casadh ar thecneolaíochtaí cuí inathnuaite agus inmharthana. Anuas air sin ní mór tacú le bithéagsúlacht is í sin agus na heiceachórais atá againn i gCiarraí a chosaint. Orainn féin atá sé gníomhú chun go mbeidh todhchaí inmharthana acu siúd a thiofadh inár ndiaidh i gCiarraí.

Tá an-chuid déanta ag an Údarás Áitiúil i gCiarraí chun an lorg carbón a laghdú trín úsáid fuinnimh a laghdú ina cuid foirgintí agus sa bhfearas ar mórán suíomh acu.

Tá an-chuid déanta ag an Údarás Áitiúil i gCiarraí chun an lorg carbóin a laghdú tríd an úsáid fuinnimh a laghdú ina cuid foirgneamh agus san fhearas ar mhórán suíomhanna acu.

Mí Eanáir 2013 síníodh an Cúnant Méaraí um Aeráid agus Fuinneamh. (<http://www.kerrycoco.ie/en/allservices/environment/energy/thefile,8007.en.pdf>)

Luaigh an Coimisinéir Miguel Arias Cañete an cúnant mar “an tionscadal uirbeach is mó ar domhan um aeráid agus fuinneamh” agus beireann an Cúnant Méaraí um Aeráid agus Fuinneamh na mílte údarás áitiúla agus réigiúnacha le chéile is iad á dtiomnú féin go deonach do chuspóirí AE um aeráid agus fuinneamh ina ndúichí féin.



1.3 Samhail Páirtíochta

Samhail páirtíochta is ea an LECP a ullmhú is a fheidhmiú agus braithfidh na torthaí ar an mbaint a bheidh ag soláthróirí seirbhísí agus pobail an chontae léi. Gné lárnach sa phróiseas is ea chomhphairtíocht áisíneachtaí idir reachtúil agus eile trí bheith ag plé leis an bpobal mór agus dúbailteacht a sheachaint. Tá baint reachtúil ag na páirtithe seo a leanas leis an bplean seo a ullmhú is a fheidhmiú.

⁶ Féach Aguisín 3

1.3.1 Comhairle Contae Chiarraí

Cuid de ról leathan eacnamaíoch rialtais áitiúil is ea an ghné eacnamaíoch atá san LECP. Bíonn tionchar ag an Údarás Áitiúil ar gheilleagar áitiúil mar sholáthróir, éascaitheoir, soláthróir, fostaitheoir agus rialóir i réimse leathan cúrsaí mar shampla bonneagar, forbairt inmharthana agus seirbhísí áitiúla. Ina theannta san spreagtar cónaí agus infheistíocht i gContae Chiarraí ar bhonn dearfach. San Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 luaitear forbairt inmharthana eacnamaíoch mar phríomhaidhm in éineacht le feidhmeanna eile traidisiúnta na comhairle.

Féadfar príomhghnéithe an Údaráis Áitiúil i.e. ról Chomhairle Contae Chiarraí san fhorbairt inmharthana eacnamaíoch a chur chun cinn a choimriú faoi 6 phríomhréimse um ghníomhaíocht eacnamaíoch mar a leanas:

1: An plean forbartha eacnamaíoch a chruthú agus comhairle a chur maidir leis na codanna eacnamaíoch a i ngnéithe pobail an LECP
2: Forbairt inmharthana eacnamaíoch a chur chun cinn trí chumhachtaí agus feidhmeanna ginearálta údaráis áitiúla
3: An LEO (Oifig Fiontar Áitiúil) a oibriú
4: Codanna eacnamaíoch sa ról forbairt áitiúil/pobail
5: Plean Gníomhaíochta Post & gníomhachtú an Mhargadh Oibre
6: Gníomhaíocht áirithe um fhorbairt inmharthana eacnamaíoch de réir tosaíochtaí réigiúnach

Tá trí ghné san LECP seo: Forbairt Eacnamaíochta agus cruthú post, cáilíocht beatha, pobal agus cuimsiú sóisialta

Baineann freagracht na ngnéithe úd san LECP le dhá chomhlacht.

1. Tá An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) freagrach as gné phobail an LECP a fhorbairt.
2. Tá Coiste Polasaí Straitéiseach Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar (EDESPEC) Chomhairle Contae Chiarraí freagrach as gné eacnamaíoch an LECP a fhorbairt.

1.3.2 Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

Faoi Airteagal 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 caithfidh gach údarás áitiúil Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) a bhunú. Tá sé mar aidhm ag an LCDC cur chuige soiléir comhtháite maidir le forbairt áitiúil is pobal a fhorbairt, a chomhordú agus a fheidhmiú.

Ar an LCDC bíonn baill tofa agus foireann an údaráis áitiúil; ionadaithe comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí sa cheantar; ionadaithe leas áitiúla pobail; ionadaithe pobail áitiúla; ionadaithe comhlachtaí a mhaoinítear nó a dtacaítear leo trí sheirbhís phoiblí. Mionlach baill a thagann ón earnáil reachtúil.

Dá réir sin, faoi Airteagal 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, bunaíodh LCDC 19 mball i gContae Chiarraí ó réimse leathan earnálacha mar shóisialta, pobail, comhshaoil, talmhaíocht agus forbairt áitiúil. Freagracht lárnach ar na 19 mball LCDC is ea an ghné phobail san LECP a fhorbairt.

1.3.3 Coiste Polasaí Straitéiseach Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar (EDESPEC) Chomhairle Contae Chiarraí

Bunaíodh na Coistí Polasaí Straitéiseach (SPC) faoi Airteagal 48 (arna leasú ag Airteagal 41 den Acht 2014) den Acht Rialtais Áitiúil 2001. Bunaíodh na SPCanna ar son ligean don rialtas áitiúil cur chuige páirtíochta a bhunú don bhforbairt polasaí, breith ar shaineolas agus taithí na mball tofa is ionadaithe ó earnálacha áitiúla chun leas an phobail. D'fhorbair an SPC Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar an ghné eacnamaíoch san LECP agus forbróidh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) na gnéithe pobail san LECP.

1.3.4 An Grúpa Comhairleach

Bunaíodh grúpa stiúrtha comhairleach trasearnála atá freagrach as an bpróiseas LECP a threorú. Sa ghrúpa tá ionadaithe ón SPC agus LCDC, áisíneachtaí forbartha eacnamaíoch agus tionscail atá lonnaithe i gCiarraí. Glacfar le LECP a bhéarfáidh na gnéithe pobail agus eacnamaíoch le chéile.

